



An Bhruiséil, 6 Iúil 2026
(OR. en)

11580/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0180 (NLE)

UD 209
COLAC 98

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 338 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir lena dtugtar isteach modhnuithe ar Chinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 338 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 338 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
COM(2026) 338 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir lena dtugtar isteach modhnuithe ar Chinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Uimh. x/2026 ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS AGUS MEIRICEÁ LÁIR

an ...

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020 lena dtugtar isteach Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, chun Nótaí Míniúcháin breise a ghabhann le hAirteagail 19, 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHLACHAIS IDIR AN tAONTAS AGUS MEIRICEÁ LÁIR,

Ag féachaint don Chomhaontú lena mbunaítear comhlachas idir Meiriceá Láir, ar thaobh amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar an taobh eile ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis;

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Baineann Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin.
- (2) De réir Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú i dtaobh 'Nótaí Míniúcháin' maidir le léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus riarachán Iarscríbhinn II laistigh den Fhochoiste um Chustam, Éascú Trádála, agus Rialacha Tionscnaimh agus molfaidh siad go bhformheasfaidh an Chomhairle Comhlachais iad.
- (3) Trí Chinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020, tháinig na Páirtithe ar chomhaontú i dtaobh Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagail 15, 16, 19, 20 agus 30 d'Iarscríbhinn II. Na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 19 ('Cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le dearbhú sonraisc'), ba cheart iad a leasú chun an treoraíocht a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 2/2020 a chomhlánú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir leis an dearbhú sonraisc, mar gheall ar imthosca éagsúla a thagann chun cinn go minic sa chleachtas, amhail sonraisc arna n-eisiúint i dtríú tír le haghaidh táirgí tionscnaimh a iompraítear go díreach idir na Páirtithe, nó sonraisc lena gcumhdaítear táirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh araon.
- (4) Ina theannta sin, ba cheart Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 22 d'Iarscríbhinn II a chur isteach chun treoraíocht a chur ar fáil i gcás ina bhféadfaidh an t-onnmhaireoir dearbhú sonraisc a cheartú tar éis onnmhairiú nuair a mheasann údarás custaim an Pháirtí allmhairiúcháin go ndiúltaítear do dhearbhu sonraisc roimhe sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAirteagal 27 d'Iarscríbhinn II a chur isteach chun diúltú don chruthúnas tionscnaimh a sheachaint ar bhonn neamhréireachtaí beaga idir na ráitis a rinneadh sa chruthúnas tionscnaimh agus na ráitis a rinneadh sna

doiciméid a cuireadh faoi bhráid na hoifige custaim, nó ar bhonn earráidí foirmiúla follasacha sa chruthúnas tionscnaimh nach ndéanann difear do bhailíocht an doiciméid ná don fhaisnéis atá ann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear Nóta Míniúcháin nua in ionad an Nóta Míniúcháin a bhaineann le hAirteagal 19 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir an 14 Nollaig 2020, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Déantar Nótaí Míniúcháin a bhaineann le hAirteagail 22 agus 27 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a chur isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2/2020 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm 180 lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, xxxxx.

IARSCRÍBHINN 1

'Airteagal 19

Cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann le dearbhuithe sonraisc

Beidh feidhm ag na treoirlínte seo a leanas:

(a) is é an t-onnmhaireoir sa Pháirtí is onnmhaireoir a eiseoidh dearbhuithe sonraisc. I gcás ina n-eisítear an sonrasc i dtríú tír, déanfar an dearbhú sonraisc a tharraingt suas ar an nótaí seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile a eisítear ar chríoch an Pháirtí onnmhairiúcháin, agus tabharfar tuairisc ar na táirgí lena mbaineann le mionsonraí leordhóthanacha chun gur féidir iad a shainaithint mar tháirgí tionscnaimh i gcomhréir le hIarscríbhinn II. I gcás den sórt sin, ní mór onnmhaireoir na n-earraí a shainaithint go soiléir sa doiciméad ar a ndéantar an dearbhú sonraisc a tharraingt suas;

(b) i gcás ina n-áirítear táirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i sonrasc, i nótaí seachadta nó in aon doiciméad tráchtála eile, déanfar na táirgí a shainaithint mar sin sna doiciméid sin, agus déanfar táirgí neamhthionscnaimh a shainaithint ar leithligh go soiléir. Níl aon bhealach socraithe ann chun na táirgí neamhthionscnaimh a shainaithint ar leithligh. Mar sin féin, d'fhéadfaí é a dhéanamh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a léiriú idir lúibíní tar éis gach míre earraí ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile cibé acu an táirgí tionscnaimh iad na táirgí nó nach ea;

(ii) dhá cheannteideal a úsáid ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile, mar atá, táirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh agus na táirgí a liostú faoin gceannteideal comhfhreagrach; nó

(iii) uimhir a chur le gach ceann de na táirgí agus a léiriú cé na huimhreacha a bhaineann le táirgí tionscnaimh agus cé acu a bhaineann le táirgí neamhthionscnaimh.

(c) beidh dearbhú sonraisc arna tharraingt suas ar chúl an tsonraisc, an nóta seachadta nó aon doiciméid tráchtála eile inghlactha.

(d) is féidir dearbhú sonraisc a tharraingt suas tríd an téacs a chlósáil, a phriontáil, a scríobh de láimh nó a stampáil ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile;

(e) má tá roinnt leathanach sa sonrasc nó in aon doiciméad tráchtála eile, ba cheart gach leathanach a uimhriú mura rud é gur léir ar shlí eile go bhfuil roinnt leathanach sa sonrasc¹;

(f) is féidir liosta pacála tionlacain, mar shampla, a bheith san áireamh i ndoiciméad tráchtála eile.'

¹ Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir glacadh le dearbhú sonraisc mar chruthúnas bailí ar thionscnaimh, fiú mura n-uimhrítear leathanaigh an tsonraisc nó an doiciméid tráchtála eile, ar choinníoll gur léir gur cuid de dhoiciméad aonair é.

IARSCRÍBHINN 2

'Airteagal 22

Dearbhú sonraisc a chur isteach

Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a cheadú go gcuirfear dearbhú sonraisc ceartaithe isteach i gcásanna seachas na cásanna sin a bhunaítear i mír 2 den Nóta Miniúcháin a ghabhann le hAirteagal 27, i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa Pháirtí sin.

Airteagal 27

Cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann le neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla sa dearbhú sonraisc

1. Ní dhiúltóidh na Páirtithe d'éileamh ar chóir fhabhrach taraife ar bhonn neamhréireachtaí beaga idir na ráitis a rinneadh sa dearbhú sonraisc agus na doiciméid a cuireadh faoi bhráid na hoifige custaim, ná ar bhonn earráidí foirmiúla soiléire sa dearbhú sonraisc, nach n-ardaíonn amhras i dtaobh an gcomhfhreagraíonn an doiciméadacht do na táirgí a cuireadh isteach agus cruinneas na ráiteas sa dearbhú sonraisc lena n-áirítear an stádas tionscnaimh; d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc na neamhréireachtaí nó na n-earráidí foirmiúla soiléire sin:

(a) earráidí clóscríbhneoireachta, amhail sa tuairisc ar an táirge, ainm nó seoladh an onnmhaireora nó an choinsíní;

(b) earráidí i bhfaisnéis bhreise maidir leis an onnmhaireoir nó leis an gcoinsíní, amhail an uimhir theileafóin, an cód poist nó an seoladh ríomhphoist.

2. Mar sin féin, féadfar diúltú d'éileamh ar chóir fhabhrach taraife ar bhonn na nithe seo a leanas seachas earráidí beaga amhail:

(a) uimhir údaraithe onnmhaireora fhormheasta mhícheart sa dearbhú sonraisc;

(b) tuairisc mhíchruinn ar na táirgí a dhéanann difear dá stádas tionscnaimh nó dá chóir fhabhrach taraife ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile;

(c) tá an teorainn ama leis an dearbhú sonraisc imithe in éag ar chúiseanna eile seachas na cúiseanna a chumhdaítear in Airteagal 21, Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú;

(d) tír, grúpa tíortha, nó críoch thionscnaimh nach mbaineann leis an gComhaontú a chur in iúl; nó

(e) aon earráid eile arna sainaithint ag údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir, ar choinníoll go dtugann údarás den sórt sin údar cuí léi.'